Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2024

Centre Number

Candidate Number

Irish

Assessment Unit A2 2
(Section B)
assessing Reading

[AIR22]

AIR22

WEDNESDAY 29 MAY, MORNING

TIME

2 hours.

INSTRUCTIONS TO CANDIDATES

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
You must answer the questions in the spaces provided.
Do not write outside the boxed area on each page or on blank pages.
Complete in black ink only. **Do not write with a gel pen.**
Answer **all** questions.

INFORMATION FOR CANDIDATES

The total mark for this paper is 75.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
You are provided with an Insert for use with Question **2** in this paper.
The use of a dictionary is **not** permitted.
Quality of Written Communication is assessed in Question **3**.

Additional Materials Required:
None

14299.09 **R**

1 Léigh an t-alt seo a leanas agus líon isteach gach bearna leis an fhocal chuí ón bhosca thíos.

Tá Éire ag athrú – ach an bhfuil an t-athrú gasta go leor?

Tá athruithe **(a)** _____ tagtha ar Éirinn le blianta beaga anuas ar dhearcadh daoine i leith saincheisteanna amhail comhionannas inscne, éagsúlacht agus meabhairshláinte. De réir mar a fhásann daoine óga **(b)** _____ sa tsochaí seo atá ag athrú go tapa, tá dúshláin agus deiseanna nua rompu.

Is é ceann de na hathruithe is suntasaí in Éirinn an lae inniu ná an t-aitheantas ar **(c)** _____ na meabhairshláinte. Tá daoine óga níos oscailte inniu faoi cheisteanna meabhairshláinte a phlé, agus tá tuiscint níos fearr ann ar an ghá atá le tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil dóibh siúd atá ag **(d)** _____ . Mar sin féin, tá bealach fada go fóill le dul maidir leis an **(e)** _____ a bhaineann le meabhairshláinte a bhriseadh síos agus acmhainní cuí a chur ar fáil do gach duine againn.

Is réimse eile é ina bhfuil athrú meoin tagtha chun cinn ná réimse na héagsúlachta agus an chuimsithe. Tá daoine óga sa lá atá inniu ann níos eolaí ar an tábhacht a bhaineann le glacadh le héagsúlacht agus í a **(f)** _____ , bíodh sí i dtéarmaí cine, eitneachta, gnéaschlaonta nó féiniúlachta inscne.

Ina theannta sin, is **(g)** _____ eile é comhionannas inscne ina bhfuil dearcthaí na sochaí ag athrú. Sa lá atá inniu ann, tá daoine óga níos eolaí ar **(h)** _____ inscne agus ar an tábhacht a bhaineann le comhdheiseanna a chruthú do gach inscne. Mar sin féin, tá bearna shuntasach phá idir na hinscní go fóill in Éirinn, agus tá mná faoi ghannionadaíocht in go leor réimsí, amhail an pholaitíocht agus ETIM.

Mar fhocal scoir, tá daoine óga idir 16 agus 18 mbliana d'aois ag maireachtáil i sochaí atá ag athrú go **(i)** _____ . Cé go bhfuil obair go fóill le déanamh i réimsí amhail meabhairshláinte, éagsúlacht agus comhionannas inscne, tá sé de chumhacht ag daoine óga cuidiú sochaí níos cuimsithí agus níos inghlactha a thógáil.

Is é an cheist do dhaoine óga ná cad é mar is féidir leo a **(j)** _____ agus a ngníomhartha a úsáid chun difríocht a dhéanamh agus todhchaí níos fearr a chruthú do gach duine againn?

Source: Examiner

ceist	**páirt-aimseartha**	**aníos**
buntáistí	**gasta**	**oideachas**
barúlacha	**steiréitíopaí**	**streachailt**
nguthanna	**bochtanas**	**suntasacha**
stiogma	**thábhacht**	**cheiliúradh**

Marks for AO2 [10]

[Turn over

2 Léigh an sliocht "Fuinneamh" agus freagair, *as Gaeilge*, na ceisteanna a leanas. (See Insert.)

(a) Luaigh dhá shórt ócáide a mbíonn daoine ag plé agus ag argóint faoi na foinsí fuinnimh iontu.

_____

_____

_____ [2]

(b) De réir an ailt, cé na trí bhreosla is mó a bhíonn á bplé ar na hócáidí idirnáisiúnta?

_____

_____

_____

_____ [3]

(c) Cad é a gheall na tíortha uilig?

_____

_____

_____ [2]

(d) Cé na trí shórt fuinnimh inathnuaite a luaitear san alt?

_____

_____

_____

_____ [3]

(e) Cad é atá á mbunú ar fud na hÉireann le cur le forbairt na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh, de réir an ailt?

_____

_____ [1]

(f) Cén sórt cumhachta a cheannóidh Éire ón Fhrainc?

_____

_____ [1]

(g) De réir an ailt, cad é an toradh a bheidh ar an mhalartú fuinnimh idir Éire agus an Fhrainc?

_____

_____ [1]

(h) Cad é a bheas de dhíth le freastal ar na carranna leictreacha sa Tuaisceart roimh 2025, de réir an ailt?

_____

_____

_____ [2]

Marks for AO2 [15]

[Turn over

3 Read the passage below and write a summary, *in English*, of approximately 100 words.

Cothromaíocht i gcúrsaí sláinte?

Le fada an lá, tá ceist na gcóras sláinte á plé ar dhá thaobh na teorann in Éirinn: An Córas Náisiúnta Sláinte sa Tuaisceart agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sa taobh ó dheas den tír. Go dtí le gairid, bhí sé de chlú ar an chóras sa Tuaisceart a bheith iontach maith ar fad. Bhí gach cóir leighis agus coinne dochtúra saor in aisce agus ar fáil do gach duine.

Sa Tuaisceart, ní raibh ar an othar a bheith buartha faoin chostas a bheadh ar an chóir leighis ná ar oideas le líonadh ón chógaslann mar bhí na hoidis saor ó chostas fosta. Ba chuma beo bocht nó saibhir an duine a bhí tinn, d'fhreastail an córas ar a chás ar an dóigh chéanna.

Sa Deisceart, áfach, b'éigean do dhaoine árachas príobháideach a cheannach ó bhliain go bliain – é sin nó fanacht go foighneach i scuaine le coinne dochtúra nó ospidéil a fháil. Céad euro an praghas a bhí ar chuairt ar bharda éigeandála san ospidéal agus suas le seachtó euro ar choinne dochtúra.

Bhí muintir an Deiscirt in éad le muintir an Tuaiscirt nach raibh orthu díol as na coinní sin ar chor ar bith. Shíl siad go raibh an córas ó thuaidh thar barr, agus d'iarr siad ar an Rialtas i mBaile Átha Cliath gníomhú leis an chóras ó dheas a fheabhsú.

Níl aon duine ag iarraidh aithris a dhéanamh ar an chóras atá i bhfeidhm sa Tuaisceart níos mó. Tá liostaí feithimh sna hospidéil sa Tuaisceart anois atá i bhfad níos faide ná mar atá áit ar bith sa Bhreatain nó sa Deisceart. Caithfidh cuid mhór othar íoc as cóir leighis go príobháideach anois ar eagla nach mbeadh siad beo nuair a thiocfaidh an lá le dul isteach san ospidéal.

Source: Examiner

14299.09 **R**

12AIR2208

Marks for AO2 [15]

[Turn over

4 Translate the following passage *into Irish*.

The cost of living is affecting a lot of people in this country. There are now more people than ever homeless.

Nurses, teachers and young graduates can no longer afford to either rent or buy their own homes in Ireland.

A new generation of young people is therefore emigrating to take advantage of better working conditions abroad.

There is a shortage of affordable housing, and, as a result, thousands are living in emergency accommodation.

The latest figures on homelessness from the Simon Community show that 92% of houses available to rent are too costly.

It is almost impossible for people on low incomes or on social welfare to move out of this accommodation because of high rents.

The Simon Community also say that the only cure for this housing crisis is to build more social houses.

Source: Examiner

Marks for AO3 [35]

THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

For Examiner's use only	
Question Number	Marks
1	
2	
3	
4	
Total Marks	

Examiner Number

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

Insert for use with Question 2 of Section B.

Fuinneamh

Tá a fhios ag an tsaol mhór go bhfuil na foinsí fuinnimh ar an ábhar is mó atá ag déanamh buartha do thíortha ar fud an domhain. Ar gach cruinniú de na Náisiúin Aontaithe, agus ar gach comhdháil aeráide, bíonn plé agus argóintí ann maidir le gás, gual agus ola.

Ar ndóigh, níos minice ná ceist ar bith eile, pléann siad an rud a dhéanfaidh siad nuair nach mbeidh gás, gual ná ola ar bith fágtha, nó tuigeann siad uilig go bhfuil an lá sin ag teacht go luath.

Thug na tíortha uilig gealltanas go ndéanfadh siad a ndícheall foinsí inathnuaite fuinnimh a aimsiú agus a fheabhsú. Ina measc sin tá cumhacht ghaoithe a ghineann tuirbíní, cumhacht na farraige agus aistriú teasa a bhaineann úsáid as an teas a luíonn faoin talamh go nádúrtha.

In Éirinn tá tograí á mbunú fud fad na tíre chun cur le forbairt na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh, ach chomh maith leis sin, tá gach iarracht á déanamh soláthar leictreachais, gáis agus ola a chosaint go dtí go mbeidh na foinsí úra inbhuanaithe agus ar fáil ar chostas íseal.

Chuige sin, tá nasc leictreachais agus gáis againn anois le hAlbain agus nasc eile leis an Bhriotáin sa Fhrainc a osclaíodh sa bhliain 2022. As seo amach, ceannóidh Éire leictreachas núicléach a gineadh sa Fhrainc agus, mar mhalartú, ceannóidh muintir na Fraince méid áirithe leictreachais de chuid mhuilte gaoithe na hÉireann. Mar thoradh ar an mhalartú fuinnimh seo, beidh laghdú ar chostas an leictreachais sa dá thír.

Is léir go bhfuil obair le déanamh againn in Éirinn le cloí leis na spriocanna a aontaíodh ag COP26 i nGlaschú maidir le hathrú aeráide. D'fhógair an Roinn Bonneagair i mBéal Feirste go mbeidh míle luchtaire gasta úra do charranna leictreacha de dhíth sa Tuaisceart amháin roimh 2025, mar shampla. Beidh fuinneamh de dhíth orainn uilig!

Source: Examiner